Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Meabhrán Míniúcháin

Foirdheontas i gcoinne Costas Oibriúcháin

Grúpscéimeanna Uisce

Clár Uisce Tuaithe

Comhairle Contae Chiarraí

Ionad Seirbhísí Ceantair

Bóthar an Stáisiúin

Oileán Ciarraí

Co. Chiarraí

Teil: 066 7163469

Bealtaine 2015

CLÁR NA nÁBHAR

	Leathanach
RIARACHÁN	3
GINEARÁLTA	3
DÁTA FEIDHMIÚCHÁIN	3
CAOMHNÚ UISCE	4
CINEÁLACHA FOIRDHEONTAS	4

FOIRDHEONTAS A

1. Rátaí Foirdheontais	5
2. Téarmaí agus Coinníollacha Ginearálta Cáilitheachta	5
3. Cáilitheacht Chaiteachais	6
4. Caiteachas Neamhcháilitheach	7
5. Caiteachas Cáilíochta	7
6. Caiteachas a bhainteann le Cáilíocht Uisce	8
7. Cionroinnt Chaiteachais	9
8. Socruithe Eatramacha	9
9. Iarratas Foirdheontais	10
10. Riachtanais Iarratais	11

GINEARÁLTA

Leagann an Meabhrán seo amach téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le foirdheontas bliantúil iníoctha ag údaráis áitiúla i gcoinne na gcostas oibriúcháin grúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce d'úsáid tí.

Chun críocha foirdheontais sainmhínítear grúpscéim uisce mar:

> *"Scéim a sholáthraíonn soláthar príobháideach uisce do dhá nó níos mó tithe trí chomhfhoinse nó fointe roinnte soláthair agus scéim dáilte"*

Ní hionann grúpscéim uisce chun críocha an foirdheontais agus tithe le ceangail indibhidiúla go foinse chomónta soláthair ag úsáid córais astarraingthe agus dáilte ar leith.

RIARACHÁN SCÉIM FOIRDHEONTAIS

Riarann údaráis áitiúla an scéim. Is leis an údarás áitiúil ábhartha a bhaineann ábhair oibriúcháin go léir ó lá go lá na scéime foirdheontais lena n-áirítear iarratais agus íocaíochtaí.

Ba chóir aon fhiosrúcháin faoin bhfoirdheontas a chur faoi bhráid Oifigeach Teagmhála Clár Uisce Tuaithe an údaráis áitiúil ábhartha.

DÁTA INFHEIDHMITHE

Tá feidhm ag téarmaí agus coinníollacha an fhoirdheontais leagtha amach sa Mheabhrán seo le héifeacht ón 1ú Eanáir 2015.

CAOMHNÚ UISCE AGUS UISCE GAN TÁSC

Méadófar go suntasach costas uisce a tháirgeadh agus grúpscéim uisce a bhainistiú de bharr ardleibhéal Uisce Gan Tásc (UFW). Mar thoradh air sin bíonn fadhbanna inacmhainneachta agus cuirtear inmharthanacht fadtéarmach an fhoinse soláthar uisce i gcontúirt.

Tá sé mar aidhm ag an bhfoirdheontas a chinntiú go bhfuil grúpscéim uisce dea-bhainistithe le leibhéil optamacha Uisce Gan Tásc inmharthanach ó thaobh cúrsaí airgeadais. Mar sin is coinníoll ginearálta cáilitheachta Bearta Caomhnaithe Uisce a infheidhmiú go forghníomhach.

Ionas gur féidir le foirdheontas in éineacht le ioncam eile ligean do ghrúpscéim uisce seirbhís eacnamaíoch a sholáthar agus a chothabháil dá mbaill ní mór go mbeadh fócas láidir ar scéitheadh uisce agus diomailt a aithint agus a laghdú.

Chun úsáid inmharthanach uisce a chur chun cinn agus chun caomhnú uisce a bhreisiú i dteaglaigh riarfaidh an Roinn Coimirce Shóisialaí ar son na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil deontas caomhnú uisce €100 (príomhthithe cónaithe príobháideacha) a chomhlánaíonn freagairt bhailí do phróiseas clárúcháin chustaiméara Uisce Éireann. Moltar go n-íocfar an deontas in aon tráthchuid amháin do theaghlaigh go léir atá cáilithe (lena n-áirítear teaglaigh grúpscéim uisce) i Meán Fómhair 2015 agus go bliantúil ina dhiaidh sin.

CINEÁLACHA FOIRDHEONTAIS

Féadfaidh grúpscéim uisce soláthar uisce a fháil ó phríomhlíne Uisce Éireann nó ó fhoinse phríobháideach ar nós locha, tobair, tollphoill srl. Tá an foirdheontas roinnte i ndá chuid atá struchtúrtha chun aird a thabhairt ar na socruithe oibriúcháin éagsúla agus na costais a éiríonn i ngach cás.

Foirdheontas A: Tá an foirdheontas seo iníoctha i gcoinne costais ghinearálta oibriúcháin agus bainistíochta grúpscéimeanna uisce go léir. Tá téarmaí agus coinníollacha mionsonraithe leagtha amach i gCuid A den Mheabhrán seo.

CUID A

FOIRDHEONTAS A

FOIRDHEONTAS I GCOINNECOSTAIS GHINEARÁLTA OIBRIÚCHÁIN AGUS BHAINISTÍOCHTA NA GRÚPSCÉIME UISCE

A1: RÁTAÍ FOIRDHEONTAIS

Tá cáilitheacht don fhordheontas faoi réir comhlíonadh riachtanas go léir leagtha síos anseo thíos. Ní sháróidh an foirdheontas:

- €95in aghaidh na bliana do gach teaghlach soláthraithe ó fhoinse phríobháideach.
- €40 in aghaidh na bliana do gach teaghlach soláthraithe ó phríomhfhoinse Uisce Éireann.

A2: TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA GINEARÁLTA CÁILITHEACHTA

Ní cháileoidh grúpscéim uisce d'fhoirdheontas ach amháin:

1. má tá sí ag soláthar uisce chun críocha tí atá sásúil i dtuairim an údaráis áitiúil.
2. go bhfuil sé comhdhéanta i gceart (sé sin ní mór gur iontaobhas, comharchumann nó cuideachta theoranta é. Ní mór go mbeadh comharchumainn agus cuideachtaí teoranta comhdhéanta i mbealach a aithníonn baill den Ghrúpscéim Uisce mar úinéirí na grúpscéime uisce),
3. a sheolann a ghnóithe i gceart de réir a mBunreachta/Rialacha agus a riachtanas dlithiúla ábhartha.
4. go bhfuil aontaithe aige córas dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm a chomhlíonann ar a íosmhéid le caighdeán um Anailís Guaise agus Pointí Rialaithe Criticiúla (AGPRC) bunaithe ar Córas Dearbhú Cáilíochta forbartha ag Coiste Seirbhísí Uisce Tuaithe Náisiúnta (go dtí seo an Coiste Monatóireachta Uisce Tuaithe)nó córas faomhaithe ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI) nó a chomhionann.

5. go bhfuil an Chairt um Chearta agus Freagrachtaí do Thomhaltóirí ar ghrúpscéimeanna uisce forbartha ag an gCoiste Seirbhísí Uisce Tuaithe Náisiúnta glactha acu,
6. go bhfuil siad go gníomhach i mbun bearta riachtanacha chun uisce a chaomhnú agus uisce gan tásc a laghdú.

Sa chás nach meastar go bhfuil soláthar uisce atá curtha ar fáil ag grúpscéim uisce:

- sásúil i dtéarmaí méide nó cáilíochta i dtuairim an údaráis áitiúil agus
- gur éiligh an t-údarás áitiúil ón ngrúpa plean feabhsaithe uisce a ullmhú,

féadfaidh an grúpa faoi réir téarmaí agus coinníollacha ag A2 (1 go 6 thuas) a bheith cáilithe d'fhoirdheontas fós ar coinníoll go dógann siad orthu féin plean feabhsaithe uisce a ullmhú agus a chur i bhfeidhm atá faomhaithe ag an údarás áitiúil. Beidh sé mar aidhm ag an bplean feabhsaithe uisce go gcomhlíonfaidh an soláthar uisce le riachtanais Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil) 2014 (I.R Uimh.122 de 2014) ag an dáta is luath is féidir.

Féadfaidh an t-údarás áitiúil fianaise doiciméadaithe gur comhlíonadh le téarmaí agus coinníollacha ag A2 (1 go 6 thuas) a iarraidh i gcomhar leis an iarratas foirdheontais.

A3: CÁILITHEACHT CHAITEACHAIS

Le bheith cáilithe chun críocha foirdheontais sa chás go mbaineann caiteachas tabhaithe ag grúpscéim uisce le:

- **huisce soláthraithe d'úsáid tí agus neamhúsáid tí;**cionroinntfear an caiteachas de réir forálacha A7 agus A8 thíos;
- **soláthar earraí agus seirbhísí trí chonraitheorí;**ní mór conraitheoirí den sórt sin a bheith cláraithe do CBL agus Foirm C2 reatha nó deimhniú imréitigh cánach eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim a bheith acu;
- **íocaíocht pá nó tuarastal do dhuine**;ní mór go mbeadh duine den sórt sin cláraithe i gceart chun críocha cánach agus ní mór don ghrúpscéim uisce a bheith cláraithe mar fhostóir ag oibriú an chórais ÍMAT/ÁSPC.

A4: CAITEACHAS NEAMH-CHÁILITHE

Níl caiteachas cáilithe chun críocha foirdheontais sa chás i dtuairim an údáráis áitiúil go mbaineann sé le:

- soláthar uisce a chur ar fáil agus a dháileadh nach d'úsáid tí é - ar nós soláthar uisce d'fheirmeacha, tráchtáil nó foirgnimh tionsclaíocha;
- soláthar uisce cóireáilte a chur ar fáil d'einteitis eile (m'sh. scéimeanna uisce poiblí, grúpscéimeanna uisce eile, úsáideoirí móra tráchtála);
- oibreacha caipitiúla (lena n-áitítear costais phleanála agus deartha) d'uasghrádú nó síneadh grúpscéim uisce;
- costais a bhaineann le naisc nua don ghrúpscéim uisce a sholáthar;
- Dímheas sócmhainní.

A5: CAITEACHAS CÁILITHE

Ní fhéadfar foirdheontas a éileamh ach amháin i ndáil le caiteachas neamhchaipitiúil tabhaithe ag grúpscéim uisce i ndáil le costais oibriúcháin uisce tí a sholáthar do bhaill an ghrúpa le linn na bliana airgeadais lena mbaineann an t-iarratas foirdheontais. Féadfaidh a bheith san áireamh i gcaiteachas cáilithe costais a bhaineann le:

- cothabháil agus deisiú foirgneamh, trealamh agus feisteas a bhaineann le astarraingt (lena n-áirítear cosaint foinse), cóireáil, stóráil agus dáileadh uisce;
- leictreachais/fuinnimh;
- ábhar a úsáidtear chun uisce a chóireáil/ a dhíghalrú/
- tuarastal agus pá do bhainisteoirí, riarthóirí, oibrithe nó pearsanra cothabhála lán nó páirtaimseartha.
- árachais (lena n-áirítear dliteanas poiblí, dliteanas fostóra, ÁSPC, maoin/sócmhainní);
- costais riaracháin agus iniúchta réasúnacha;
- monatóiriú ar cháilíocht uisce;
- costais a bhaineann le Córas Dearbhaithe Cáilíochta a chur i bhfeidhm (féach ar A2.4);
- costais neamhchaipitiúla a bhaineann le caomhnú uisce agus bearta bainistíochta éileamh a chur i bhfeidhm.

- plean feabhsaithe uisce a ullmhú agus a chur i bhfeidhm (gné neamhchaipitiúil);
- oiliúint ábhartha phearsanra córais soláthar uisce a oibriú agus a bhainistiú, dearbhú cáilíochta, aimsiú agus rialú sceite, bainistíocht agus cothabháil líonra dáilte, Sláinte agus Sábháilteachta, srl.;
- táillí cleamhnaithe um ballraíocht na Cónaidhme Náisiúnta um Scéimeanna Grúpuisce;
- costais a bhaineann le oibriú an Chórais Bhainistíochta Fheidhmiúcháin (PMS) do scéimeanna i gconarthaí Oibriúcháin agus Cothabhála (O&M) "bona fide", eadhon;
    - Coinneáil ionadaí fostóra;
    - Iniúchóir neamhspleách comhlíonta.
- costais a bhaineann le huisce a sholáthar trí Uisce Éireann.

A6: CAITEACHAS A BHAINEANN LE HUISCE CÁILÍOCHTA

Ós rud é go bhfuil uisce a tháirgtear d'úsáid tí ag teastáil chun comhlíonadh le híoschaighdeáin cháilíochta éigeantacha cuirfear san áireamh go hiomlán caiteachas a thabhaíonn grúpscéimeanna i ndáíl leis na míreanna seo a leanas (faoi réir na bhfírinní ginearálta leagtha amach faoi A1 thuas) nuair atá costas uisce a sholáthar do bhaill teaghlach á ríomh:

- monatóiriú ar cháilíocht uisce;
- muirir i ndáil le monaróiriú, gearrtha ag Údaráis Mhaoirseachta ar Ghrúpscéimeanna i gcomhthéacs Rialacháin an Aontas Eorpaigh (Uisce Óil) 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014);
- tomhaltáin chóireála agus díghalraithe;
- Córas Dearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm (féach A2.4);
- oiliúint ábhartha phearsanra ar chláir atá riachtanach chun comhlíonadh le Rialacháin Uisce Óil a chinntiú;
- cothabháil bearta cosanta foinse;
- táillí cleamhnaithe do bhaill na Cónaidhme Náisiúnta um Ghrúpcéimeanna Uisce.

<u>beidh costais eile go léir cionroinnte idir baill tí agus baill nach baill tí iad de réir A7 agus A8 thíos.</u>

A7: CIONROINNT CHAITEACHAIS

Chun an t-údarás áitiúil a éascú chun iarratas foirdheontais a chinntiú ní mór a bheith san áireamh san iarratas:

- mionsonraí den toirt iomlán uisce soláthraithe do bhaill na grúpscéime agus
- úsáid idir tomhaltóirí tí agus neamhtí bunaithe ar thaifid mhéadair a chionroinnt.

A8: SOCRÚCHÁIN EATRAMHACHA

Mar bheart eatramhach ar feitheamh méadracht iomlán féadfaidh cionroinnt úsáid uisce idir tomhaltóirí chun críocha foirdheontais a chinntiú ar bhonn an chóimheasa naisc tí agus neamhthí laistigh den líon foriomlán nasc leis an scéim. Áireofar nasc measctha (tí agus neamhthí) mar cheann amháin tí agus ceann amháin neamhthí don chuspóir seo.

I gcás grúpscéimeanna uisce a éilíonn an foirdheontais breise B, beidh caiteachas cáilithe faoi fhoirdheontas A rionroinntear chóimheas 60/40 tí/neamhthí.

A9: IARRATAS AR FHOIRDHEONTAS

Foirm Iarratas - Ba chóir an Fhoirm Iarratais chéanna a úsáid chun iarratas a dhéanamh ar Fhoirdheontas A agus B. Ní gá an t-eolas breise riachtanach

d'fhoirdheontas B a thabhairt nuair nach bhfuil grúpscéim uisce ach ag déanamh iarratas ar Fhoirdheontas A.

Éileamh Foirdheontas Bliantúil -Ba chóir do ghrúpscéimeanna uisce iarratais ar íocaíocht an Fhoirdheontais Bhliantúil a dhéanamh ar Fhoirm SU 1 Foirdhroimh 30 Meitheamh den bhliain lena mbaineann an foirdheontas.

Éileamh Foirdheontas Réamhíoctha

Chun cabhrú le bainistíocht airgeadais grúpscéimeanna uisce féadfar Íocaíocht Foirdheontas Réamhíoctha a éileamh gach bliain. Ní sháróidh an réamhíocaíocht chaighdeánach 70% den Fhoirdheontas Bliantúil iomlán íoctha leis an ngrúpa i ndáil leis an mbliain roimhe sin nó:

- €28 do gach teach a fhaigheann soláthar ó phríomhfhoinse Uisce Éireann.
- €66 do gach teach a fhaigheann soláthar ó fhoinse phríobháideach,

cibé is lú.

Ní bheidh an Chéad Réamhíocaíocht Foirdheontais agus cinn ina dhiaidh sin ar fáil ach sa chás go bhfuil Foirdheontas Bliantúil don bhliain roimhe sin éilithe agus íoctha. Ba chóir iarratais ar Réamhíocaíochtaí Foirdheontais a dhéanamh tríd an gcuid ábhartha d'Fhoirm SU1 Foirdh a chomhlánadhagus í a chur isteach roimh 30 Meitheamh den bhliain lena mbaineann an t-éileamh.

Má tharlaíonn go sáraíonn an réamhíocaíocht an méid deireanach den Fhoirdheontas Bliantúil dlite i gceart don ghrúpscéim uisce gheobhfar an barrachas ar ais ó éileamh/éilimh ina dhiaidh sin.

A10: RIACHTANAIS IARRATAIS

Ní mór cuntais iniúchta ag soláthar mionsonraí de chostais iarbhír tabhaithe ag an ngrúpa chun uisce a sholáthar dá mball a bheith in éineacht le hiarratas ar Fhoirdheontas Bliantúil. Ní mór cuntais den sórt sin a bheith iniúchta ag duine atá i

dteideal cuntais comhlacht corparáideach a iniúchadh. Ba chóir go dtaispeánfar sna cuntais go bhfuil siad:

- deimhnithe a bheith i gcomhréir le hioncam agus caiteachas bliantúil na grúpscéime.
- glactha ag ballraíocht na grúpscéime ag an CCB.

Do scéimeanna níos lú féadfar seachas sin ráiteas cuntais in éineacht le doiciméadú tacaithe (m.sh. sonraisc) a bheith inghlactha don údarás áitiúil le aird ar nádúr agus méid an chaiteachais a bhaineann.

Ba chóir na míreanna seo a leanas (nuair atá ábhartha agus infheidhmithe) a aithint go leithleach sna
cuntais:

- costais tabhaithe ar mhonatóiriú cáilíocht uisce;
- muirir i ndáil le monatóireacht gearrtha ag údarás áitiúil de réir Rialacháin Uisce Óil 2014 Uimh. 122 de 2014;
- costas cóireáil agus díghalrú tomhaltán (nach mbaineann leis an gconradh DBO);
- muirir gearrtha (Seasta agus Toirtmhéadrach) faoi théarmaí an chonartha DBO/O&M;
- costais a bhaineann le Córas Dearbhú Cáilíochta a chur i bhfeidhm;
- costas oiliúint ábhartha phearsanra ar chláir riachtanach chun comhlíonadh le caighdeáin uisce óil reachtúla a chinntiú;
- costais a bhaineann le bearta cosanta foinse a chothabháil;
- táillí cleamhnaithe do bhallraíocht don Chónaidhm Náisiúnta um Ghrúpscéimeanna Uisce;
- costais a bhaineann leis an gCóras Bainistíochta Feidhmíochta a chur i bhfeidhm;
- costas Ionadaí Fostóra a choinneáil nuair is gá faoin gcéim oibriúcháin conradhO&M "bona fide";
- Iniúchadh comhlíonadh neamhspleách maidir le feidhmíocht Chonartha "bona fide" O&M;
- costais a bhaineann le soláthar uisce ó Uisce Éireann.

Cinnteoidh an t-údarás áitiúil cáilitheachtaí iarratas d'Fhoirdheontais Réamhíoctha agus Bhliantúla de réir téarmaí agus coinníollacha leagtha amach sa Mheabhrán seo. Mar sin féin féadfaidh údarás áitiúil aon eolas breise, doiciméadú nó aon fhianaise eile a iarraidh a mbeadh ag teastáil uaidh go réasúnach chun an t-iarratas a dheimhniú.

Tar éis an iarratais a scrúdú cuirfidh an t-údarás áitiúil an ghrúpscéim ar an eolas ar mhéid an fhoirdheontais iníoctha, má bhaineann. Asbhainfear aon Réamhíocaíocht Foirdheontais faighte cheana féin i ndáil leis an mbliain i gceist nó aon ró-íocaíocht ón mbliain roimhe sin agus íocfar an méid fágtha atá dlite isteach i gcuntas bainc an ghrúpa.